

An Chuideachta

Dualgais agus Cumhachtaí

Treoir Ghairid



Oifig an Stiúirthóra um
Fhorfheidhmiú Corparáideach
Office of the Director
of Corporate Enforcement

Clár

Maidir leis an treoir seo	2
Cad is cuideachta ann?	2
Dliteanas teoranta agus dliteanas neamhtheoranta	2
Cuideachtaí príobháideacha agus cuideachtaí poiblí	3
Cineálacha cuideachta	4
Cuideachta a chlárú	5
Bunreacht cuideachta	6
Stiúrthóirí cuideachta	7
Rúnaí cuideachta	7
Dualgais atá ar chuideachta faoin dlí	7
Taifid cuntasáíochta leordhóthanacha a choimeád	8
Ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú	8
Iniúchadh bliantúil a shocrú	8
Díolúine ó Iniúchóireacht	9
Cruinnithe ginearálta a thionól	9
Cláir a choimeád	10
Eolas a nochtadh don CRO	10
A bhfuil de chumhacht ag cuideachta	11
Cá mbeadh breis eolais ar fáil agam?	11

Maidir leis an Treoir seo

Cuirtear an treoir ghairid seo ar fáil d'fhonn roinnt de na rialacha faoin dlí maidir leis an mbainistíocht ar chuideachta faoi Acht na gCuideachtaí a mhíniú.

Cad is cuideachta ann?

Is struchtúr dleathach atá sa chuideachta a chruthaíonn aon duine amháin nó grúpa daoine chun gnó nó fiontar sóisialta a eagrú agus a rith. Ní ionann an chuideachta agus na daoine atá ina n-úinéirí nó ina mbainisteoirí uirthi. Fágann sin gur féidir le cuideachta conradh a shíniú, maoin a bheith faoina húinéireacht, bheith i bhfiacha agus caingean dlí a thionscnamh.

Sa chur síos a thugtar ar chuideachta, is féidir a rá go bhfuil sí:

- teoranta nó neamhtheoranta (tagairt d'oiread na freagrachta atá ar na húinéirí as fiacha na cuideachta a aisíoc); agus
- poiblí nó príobháideach (tagairt don úinéireacht).

Cuideachtaí faoi dhliteanas teoranta agus faoi dhliteanas neamhtheoranta

Tá dliteanas ar gach cuideachta i leith a gcuid fiach. Ciallaíonn sin go bhfuil siad freagrach as an airgead a íoc atá dlite uathu. Baineann an difríocht idir cuideachta faoi dhliteanas teoranta agus cuideachta faoi dhliteanas neamhtheoranta leis an bhfreagracht atá ar na húinéirí (ar a dtugtar comhaltaí) as fiacha na cuideachta a íoc.

Sa chás nach mbíonn cuideachta faoi dhliteanas neamhtheoranta in acmhainn a cuid fiach a ghlanadh, tá de fhreagracht ar na húinéirí na fiacha sin a íoc.

Sa chás nach mbíonn cuideachta faoi dhliteanas teoranta in acmhainn a cuid fiach a ghlanadh, tá freagracht ar na comhaltaí i ndáil leis an tsuim atá neamhíoctha ar na scaireanna atá acu agus leis an tsuim sin amháin. Cuirtear i gcás, mar shampla, go gcuirtear cuideachta faoi dhliteanas teoranta ar bun agus go n-aontaíonn gach comhalta €50 a íoc ar scaireanna sa chuideachta. Ón tráth a mbíonn an €50 íoctha leis an gcuideachta acu ar na scaireanna, níl aon fhreagracht (dliteanas) orthu feasta i ndáil le fiacha na cuideachta a ghlanadh.

Ó tharla go bhféadann daoine airgead a chailleadh agus iad ag plé le cuideachtaí faoi dhliteanas teoranta, ní mór do na cuideachtaí eolas iontaofa a chur ar fáil faoi chúrsaí airgeadais na cuideachta don Oifig um Chlárú Cuideachtaí ionas gur féidir le daoine a shocrú an mian leo gnó a dhéanamh leo nó nach mian.

Cuideachtaí príobháideacha agus cuideachtaí poiblí

Ar cheann de na príomhdhifríochtaí idir cuideachtaí príobháideacha agus cuideachtaí poiblí, tá an modh ina mbeartaíonn an chuideachta airgead (caipiteal) a bhailiú chun an gnó a oibriú.

Bailíonn cuideachtaí poiblí caipiteal trí scaireanna a dhíol le daoine den phobal. Ní cheadaítear do chuideachta phríobháideach sin a dhéanamh. Cruinníonn cuideachta phríobháideach caipiteal ó airgead a infheistíonn na húinéirí (comhaltaí) sa chuideachta i gcúiteamh ar scair d'úinéireacht na cuideachta.

Cineálacha cuideachtaí

Is féidir le daoine cineálacha éagsúla cuideachtaí a chur ar bun faoi Acht na gCuideachtaí. Is iad na príomhchineálacha:

- Cuideachta phríobháideach faoi theorainn scaireanna (TEO);
- Cuideachta gníomhaíochta ainmnithe (CGA);
- Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta (CTR); agus
- Cuideachta phríobháideach theoranta (CPT).

Cuideachta theoranta phríobháideach (TEO) an cineál cuideachta is minice a úsáidtear maidir le gnólachtaí tráchtála príobháideacha. Bíonn cuideachta TEO teoranta ó thaobh líon na scaireanna is féidir a eisiúint agus faoi dhliteanas na gcomhaltaí (úinéirí) i ndáil le fiacha na cuideachta. Is féidir cuideachta den chineál sin a bhunú le comhalta amháin nó níos mó ná comhalta amháin. Is féidir roghnú gan CGB a thionól agus ní móide gur gá na ráitis airgeadais a chur á n-iniúchadh. Is féidir le cuideachta TEO feidhmiú le haon stiúrthóir amháin.

Is cuideachta phríobháideach an CGA is féidir a bheith faoi theorainn scaireanna nó faoi theorainn ráthaíochta. Is cineál úsáideach seo ag úinéirí ar mian leo a chinntiú nach dtugann cuideachta faoi bheartaíocht eile seachas cineál nó cineálacha áirithe. Is féidir an chuideachta a chur ar bun le haon chomhalta amháin ach ní mór ar a laghad beirt stiúrthóirí uirthi. Ní mór cruinniú ginearálta bliantúil (CGB) a thionól má tá níos mó ná aon chomhalta amháin inti.

Is cuideachta faoi theorainn ráthaíochta gan aon scairchaipiteal an CTR. Ciallaíonn sin go bhfuil teorainn le dliteanas na gcomhaltaí de réir na suime a aontaíonn (ráthaíonn) na comhaltaí a íoc i ndáil le sócmhainní na cuideachta sa chás go mbíonn an chuideachta á

foirceannadh. Is é seo an córas is minice in úsáid ag carthannais, cumainn trádála agus clubanna spóirt. Ní mór beirt stiúrthóirí uirthi agus caitear CGB a thionól. I gcásanna áirithe, ní móide go mbeadh gá na cuntais a chur á n-iniúchadh.

Cuideachta theoranta phoiblí an CPT le €25,000 ar a laghad de scairchaipiteal údaraithe. Tá ceadaithe caipiteal a thiomsú trí scaireanna a dhíol leis an bpobal agus is féidir an chuideachta a liostú ar an stocmhalartán. Ní mór ar a laghad beirt stiúrthóirí uirthi, caitear CGB a thionól agus na ráitis airgeadais a chur á n-iniúchadh.

Cuideachta a chlárú

Chun cuideachta a chlárú in Éirinn, ní mór an t-eolas seo a leanas – maille leis an táille cuí – a thabhairt don Oifig um Chlárú Cuideachtaí (CRO):

- ainm na cuideachta;
- ráiteas faoin gnó a dhéanfaidh an chuideachta in Éirinn;
- seoltaí maidir leis an oifig chláraithe agus an t-ionad ina bhfuil beartaithe an gnó a sheoladh;
- fianaise go bhfuil cónaí ar aon stiúrthóir amháin ar a laghad sa Limistéar Eacnamaíoch Eorpach (LEE)¹ cé go bhfuil roinnt cásanna eisceachta ina leith sin; agus
- bunreacht na cuideachta (ar a dtugtar meabhrán comhlachais agus airteagail comhlachais). Tugtar cuntas ansin ar an dóigh a mbeidh an gnó á sheoladh ag an gcuideachta.

¹ Tá an tAontas Eorpach, an Íoslainn, an Iorua agus Lichtinstéin san LEE.

Déanfaidh an CRO an chuideachta a chlárú agus Deimhniú Corpraithe a sheoladh chugat. Is cruthúnas sin go bhfuil an chuideachta cláraithe mar is cóir. Is féidir breis eolais faoi chuideachta a chlárú a fháil ar www.cro.ie.

Tá gnólachtaí, ar a dtugtar gníomhairí foirmiú cuideachtaí a dhéanfaidh sin ar fad do dhuine ionas gur féidir an chuideachta nuafhoirmithe a cheannach uathu in áit í a chur ar bun tú féin.

Bunreacht cuideachta

Leagtar síos sa bhunreacht rialacha dleathacha i scríbhinn nach mór don chuideachta oibriú dá réir. Tá cineálacha éagsúla bunreachtanna ar fáil ag brath ar chineál na cuideachta. Is iondúil go mbíonn na nithe seo a leanas i gceist:

- ainm na cuideachta;
- cineál na cuideachta (TEO, CGA, CTR, CPT nó eile);
- a mbeidh ar siúl ag an gcuideachta (cuspóir nó aidhm);
- an cuideachta faoi dhliteanas teoranta nó neamhtheoranta an chuideachta;
- an t-uaslíon scaireanna is féidir leis an gcuideachta a eisiúint (ar a dtugtar scairchaipiteal údaraithe na cuideachta);
- ráiteas ina luaitear ainmneacha agus seoltaí na gcomhaltaí agus líon na scaireanna atá ag gach duine díobh; agus
- rialacha inmheánacha na cuideachta ina leagtar síos conas a fheidhmíonn na comhaltaí i ndáil leis an gcuideachta agus lena chéile. Tá sin ar leithligh ó na rialacha a éilítear faoi dhlí na gcuideachtaí.

Stiúrthóirí cuideachta

Ní mór do gach cuideachta stiúrthóirí a cheapadh. Ní mór don chuideachta TEO ar a laghad aon stiúrthóir amháin a bheith uirthi. Ní mór do chineálacha eile cuideachtaí ar a laghad beirt stiúrthóirí a bheith orthu. Roghnaíonn comhaltaí na cuideachta na stiúrthóirí chun bainistíocht a dhéanamh ar an gcuideachta dóibh. Ní gá go mbeadh stiúrthóirí ina gcomhaltaí de chuid na cuideachta.

Rúnaí cuideachta

Ní mór do gach cuideachta rúnaí cuideachta a cheapadh. Is post ardleibhéil atá anseo. Is cuid de chúram an phoist cuidiú lena chinntiú go ndéanann an chuideachta de réir dhlí na gcuideachtaí i mbun an ghnó di.

Dualgais atá ar chuideachta faoin dlí

Tá dualgais éagsúla ar chuideachtaí faoin dlí mar a leagtar amach thíos. Áirítear orthu:

- taifid cuntasáocht leordhóthanacha a choimeád;
- ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú;
- an t-iniúchadh bliantúil a shocrú (tá cuideachtaí áirithe nach gá iniúchadh bliantúil a shocrú ina leith);
- cruinnithe ginearálta na cuideachta a eagrú;
- cláir agus faisnéis eile a choimeád; agus
- doiciméid áirithe a sheoladh chuig an CRO.

Taifid cuntasáochta leordhóthanacha a choimeád

Ní mór do gach cuideachta taifead cruinn a choinneáil agus míniú a thabhairt ar na híocaíochtaí ar fad isteach agus amach ón gcuideachta nó ó chustaiméirí agus le soláthraithe. Is gá chomh maith go mbeadh léiriú cruinn ar staid airgeadais na cuideachta le sonrú ar na taifid.

Ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú

Ní mór do chuideachta ráitis airgeadais a ullmhú gach bliain trí eolas atá sna taifid cuntasáochta agus faisnéis eile a bhaineann le hábhar a úsáid. Ba chóir go dtabharfaí ‘léargas fórcheart’ ar staid airgeadais na cuideachta sna ráitis.

Is iondúil go mbíonn na nithe seo a leanas mar chuid de na ráitis airgeadais:

- cuntas brabúis agus caillteanais ina dtugtar tuairisc ar ioncam agus ar chaiteachas na cuideachta agus ina léirítear má rinne an chuideachta brabús nó caillteanas;
- clár comhardaithe ina léirítear sócmhainní (maoin, airgead agus sealbhas) agus dliteanais (fiacha) na cuideachta ag deireadh na bliana; agus
- tuarascáil na stiúrthóirí ina dtugtar tuairisc do na comhaltaí faoi ghnóthaí na cuideachta agus faoin toradh ón saothar.

Iniúchadh bliantúil a shocrú

Ní mór do chuideachtaí na ráitis bhliantúla a chur á n-iniúchadh gach bliain. Déantar iniúchadh nuair a scrúdaíonn saineolaí neamhspleách (ar a dtugtar an t-iniúcháir) ráitis airgeadais na cuideachta agus nuair a chuirtear breith an iniúcháora in iúl do na comhaltaí i ndáil le ‘léargas fórcheart’ ar ghnóthaí airgeadais

na cuideachta a bheith sna ráitis airgeadais agus iad a bheith ag teacht leis na taifid cuntasáochta.

Díolúine ó iniúchóireacht

Ní gá do chuideachtaí beaga príobháideacha ná do roinnt cuideachtaí CTR iniúchóireacht a chur á déanamh má shásaítear péire de na coinníollacha seo a leanas:

- láimhdeachas nach mó ná €8.8 milliún;
- iomlán an chláir chomhardaithe nach mó ná €4.4 milliún; agus
- líon fostaithe nach mó ná 50.

Ní mór don chuideachta, anuas ar an méid sin, na tuairisceáin bhliantúla i leith na bliana reatha agus na bliana roimhe seo a bheith comhadaithe in am aici le Cláraitheoir na gCuideachtaí.

Fiú amháin sa chás nach bhfuil dlite ar chuideachta iniúchóireacht a shocrú, ní mór i gcónaí taifid cuntasáochta leordhóthanacha a choimeád, ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú, na ráitis airgeadais a thabhairt do na comhaltaí agus cóip den tuairisceán bliantúil a sheoladh chuig an Oifig um Chlárú Cuideachtaí (CRO).

Cruinnithe ginearálta a thionól

Ní mór do chuideachta cruinniú ginearálta bliantúil (CGB) a thionól. Cuideachta theoranta phríobháideach (TEO) agus cuideachta aon chomhalta amháin an dá chás eisceachta. Tá rialacha speisialta i bhfeidhm sa chás go socraíonn cuideachta gan CGB a thionól. D'fhéadfadh go mbeadh ar chuideachta cruinniú ginearálta urghnách (CGU) a ghairm i gcásanna áirithe.

Cláir a choimeád

Ní mór do gach cuideachta doiciméid áirithe a choimeád.

Áirítear orthu sin:

- cláir na stiúrthóirí, na rúnaithe cuideachta agus na gcomhaltaí chomh maith le mionsonraí faoi scaireanna agus leasa eile na stiúrthóirí agus an rúnaí cuideachta sa chuideachta;
- leabhar miontuairiscí ina gcoinnítear tuairisc ar a ndeirtear agus ar a socraítear ag cruinnithe ginearálta, cruinnithe boird agus cruinnithe fhocoistí de chuid an bhoird; agus
- mionsonraí faoi aon airgead a ghlacann an chuideachta ar iasacht agus ar aon sócmhainní a thugtar mar urrús i leith airgead iasachta.

Eolas a nochtadh don CRO

Ní mór do chuideachtaí doiciméid áirithe a sheoladh chuig an CRO, ina measc:

- tuairisceán bliantúil na cuideachta, lena ngabhann na ráitis airgeadais;
- fógra faoi athrú maidir le hoifig chláraithe, stiúrthóir nó rúnaí na cuideachta nó maidir le mionsonraí ina leith;
- mionsonraí faoi aon mhorgáiste nó muirear ar mhaoin na cuideachta; agus
- ráitis go bhfuil iasachtaí aisíoctha (nuair is cuí).

Is féidir le duine ar bith doiciméid a sheoltar chuid an CRO a bhreathnú.

A bhfuil de chumhacht ag cuideachta

Go ginearálta, is féidir le cuideachta dul i mbun gníomhaíocht d'aon chineál ar bith mura ndeirtear a mhalairt i mbunreacht na cuideachta.


Cá mbeadh breis eolais ar fáil agam?

Is féidir eolas níos mine faoi chuideachtaí a fháil ar láithreán gréasáin na hoifige, www.odce.ie.

Sa chás nach bhfuiltear cinnte faoi ghnóthaí cuideachtaí agus faoinar gá duit a dhéanamh faoin dlí, ba cheart duit comhairle neamhspleách a fháil ó dhuine gairmiúil.

Séanadh

Leagtar amach sa Treoir Ghairid seo roinnt de na dualgais bhunúsacha atá ar chuideachta faoin dlí. Ní hionann an Treoir agus léirmhíniú dlíodóireachta ar aon chuid d’Acht na gCuideachtaí. Ní ghlacann an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach le freagracht ná dliteanas ar bith i ndáil le hearráid, míchruinneas ná easnamh ar bith a bhainfeadh leis an treoir seo.



Oifig an Stiúirthóra um
Fhorfheidhmiú Corparáideach

Office of the Director
of Corporate Enforcement

Le haghaidh eolas eile:

✉ Oifig an Stiúirthóra um
Fhorfheidhmiú Corparáideach
16 Cearnóg Pharnell
Baile Átha Cliath 1
Éire

☎ 01 858 5800
Loghla 1890 315 015

☎ 01 858 5801

@ info@odce.ie

🌐 www.osfc.ie

*Tá leagan Béarla den leabhrán seo ar fáil
An English version of this booklet is available*